

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Uimhir Aitheantais TUSLA:	TU2016DL002
Ainm na Seirbhíse:	Naíonra Thoraí
Seoladh na Seirbhíse:	Baile Thiar, Toraigh, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Éirchód:	F92 WY64
Ainm an tSoláthraí Chláraithe:	Ray Mac Pháidín
Cineál na Seirbhíse	Seisiúnach
Dáta na Cigireachta:	16/11/2023
Líon na leanaí réamhscoile:	AM 2 PM -
Seoladh Chigireacht na Luathbhlianta	Cigireacht na Luathbhlianta Dhún na nGall, Campas Naomh Conaill, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall F95 XK94
Cigireacht arna déanamh ag:	L Mc Glynn
Teideal:	Cigire Luathbhlianta

## Údarás chun cigireacht a dhéanamh

Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013).

Coinníollacha, má bhaineann le hábhar Ní bhaineann

## Cur síos ar an tseirbhís

Is seirbhís réamhscoile seisiúnaí é Naíonra Thoraí atá lonnaithe ar Thoraigh, oileán amach ó chósta iarthuaisceart Dhún na nGall. Feidhmíonn an tseirbhís ó 9.15am go 12.15pm gach lá, ag tabhairt aire do leanaí 2-6 bliana d’aois. Feidhmíonn an tseirbhís ó sheomra ar leith laistigh den fhoirgneamh príomhchúraim.

## Soláthar foirne

Tá an tseirbhís á feidhmiú ag duine amháin faoi láthair, agus mar sin, ní raibh ach ball foirne amháin i láthair ar lá na cigireachta.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhíntear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláráithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo.

Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:

- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamhfhógartha é seo, agus díródh ar rialachas/sláinte, folláine agus forbairt an linbh. Féadfaidh cigireachtaí díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Bhí an chigireacht dírithe ar chomhlíonadh a scrúdú faoi rialachán 9, 11, 19, 23, 25, 26 agus 28.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaitnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláráithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo.

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Úsáidfean an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an chigireacht a chuireann an tuarascáil le chéile.

## Buíochas

Is mian leis an gcigire buíochas a ghabháil leis an duine i bhfeighil, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta, as a gcomhoibriú.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–*

*(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*

*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,*

*(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*

*d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.*

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.

## Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

De réir athbhreithnithe ar na taifid, rud a dhearbhaigh an duine i gceannas, níor earcaíodh aon bhall foirne nua sa tseirbhís ó bhí an chigireacht dheireanach ann. Meastar go gcomhlíonann na comhaid foirne reatha ceanglais rialacháin (9) (2) agus (4), mar a measadh le linn na cigireachta roimhe seo.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 11 - Leibhéal Foirne

(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

(3) Faoi réir alt (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.

(8) Gan dochar do mhíreanna (2) go (7) - (c) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí, i gcás go bhfuil an tseirbhís á hoibriú ag an duine i bhfeighil ina aonar nó ina haonar, go mbeidh an dara duine, atá eolach ar seirbhíse agus i riocht cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil chun an tseirbhís a oibriú, i gcóngar gairid don tseirbhís agus ar fáil chun freastal ar an tseirbhís i gcónaí d'fhonn cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil i gcás éigeandála.

## Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1) Bhí go leor daoine fásta ag obair leis na leanaí ar lá na cigireachta.

(3) Bhí duine fásta amháin ag tabhairt aire do bheirt leanaí idir trí agus ceithre bliana d'aois a bhí ag freastal ar an tseirbhís ar bhonn seisiúnach.

(8)(a) Bhí socruithe déanta ag an tseirbhís go mbeadh an dara duine fásta oiriúnach ar fáil i gcás éigeandála.

## Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

### Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh

(1) *Cinnteoídh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—*

*(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus*

#### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1)(a) Tugadh go leor sneaiceanna do na leanaí a bhí ag freastal ar an tseirbhís. Tugadh sneaiceanna na leanaí isteach ón mbaile agus spreag an tseirbhís roghanna cothaitheacha ina mbeartas bia sláintiúil. Spreagadh na leanaí a bheith neamhspleách agus iad ag oscailt sneaiceanna, agus ainmníodh cúntóir chun earraí aonair a dháileadh. Shuigh an ball foirne leis na leanaí chun timpeallacht shóisialta shuaimhneach a chruthú don bhéile. Bhí na leanaí neamhspleách fosta ó thaobh freastal ar a riachtanais chúraim phearsanta féin agus d'fhan an ball foirne in aice láimhe chun cabhair a thabhairt, dá mba ghá.

Rinne an ball foirne caidreamh deas tuisceanach leis na leanaí ó thús deireadh na cigireachta. Chonacthas an ball foirne ag cur ceisteanna oscailte agus ag obair chun foghlaim na bpáistí a leathnú le linn gníomhaíochtaí súgartha.

Chuir leagan amach an tseomra cúraim spás saor in aisce ar fáil do na leanaí chun bogadh thart agus bréagáin a roghnú. Leagadh amach an trealamh súgartha chun áiteanna sainspéise a chur ar fáil, e.g. cúinne cistine/baile, binse tógála, áit súgartha le gaineamh agus uisce, áit d'ealaín chruthaitheach agus acmhainní súgartha boird/láimhsithe. Bhí seilfeanna oscailte ar leibhéal íseal sa seomra, rud a lig do na leanaí rochtain a fháil ar bhréagáin, etc. agus bhí go leor acmhainní i ngach ceann de na háiteanna sainspéise chun súgradh lánbhí a éascú.

An lá áirithe sin, tugadh na leanaí amach go háit spraoi beag ar thaobh an fhoirgnimh. Thug an ball foirne bréagáin agus trealamh amach chuig an áit seo ionas go bhféadfadh na leanaí dul ag súgradh leo, agus cuireadh in iúl don chigire go raibh raon de threalamh súgartha lasmuigh amhail bréagáin mharcaíochta á stóráil agus go dtugtar amach chun na háite seo iad, ag brath ar an aimsir.

Bhí fianaise sa tseirbhís go raibh pleanáil churaclaim á déanamh agus spéiseanna aonair na leanaí á gcur san áireamh, agus bhí breathnuithe a ndéanamh ar fhoghlaim na leanaí fosta. Chonacthas an ball foirne ag glacadh nótaí de chomhráite na leanaí agus iad ag spraoi chun bonn eolais a chur leis an bpleanáil. Bhí leabhar gearrthóg curtha le chéile de shaothar ealaíne na leanaí agus grianghraif de na leanaí ag spraoi sa tseirbhís. Bhí sé seo le taispeáint do na tuismitheoirí ag deireadh na bliana.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint

*Cinnteoídh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoídh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.*

#### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

##### Sábháilteacht Ghinearálta

- Bhí an príomhdhoras faoi ghlas chun cosc a chur ar dhaoine neamhúdairithe teacht isteach agus chun a chinntiú nach n-éalódh páiste réamhscoile gan mhaoirsiú. Bhí ballaí coinchréiteacha agus fál adhmaid timpeall ar imlíne an áitribh chun a chinntiú nach n-éalódh leanaí ón áit spraoi lasmuigh gan mhaoirsiú.
- Bhí na bréagáin agus an trealamh ar fad i ndea-bhail agus ní fhacthas fianaise ar bith go raibh baol san áit. Bhí oibreáin ghlantacháin agus earraí guaiseacha á stóráil go sábháilte as raon láimhe na leanaí.
- Bhí stráicí sofheicthe curtha ar fhuinneoga ísle agus ar phainéil ghloinithe chun timpistí leanaí a chosc. Bhí cáblaí leictreacha agus fleiscíní curtha as raon láimhe na leanaí agus bhí siad i ndea-bhail. Bhí fianaise dhoiciméadach ann go raibh measúnuithe riosca á ndéanamh ag an mball foirne chun guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann do leanaí agus sa tseirbhís a shainaitheantais agus deireadh a chur leo.
- Bhí clúdach cosanta ar an radaitheoir sa seomra réamhscoile chun a chinntiú nach ndófaí duine ar bith.

##### Rialú Ionfhabhtuithe

- Bhí cuma dheas ghlan shláinteach ar an seomra spraoi agus ar an gcóiríocht sláintíochta in aice leis. Bhí sceidil ghlantacháin suas chun dáta ar fáil inar leagadh amach modhanna glantacháin agus na háiteanna laistigh den seomra agus sa chóiríocht sláintíochta a bhí le glanadh.
- Bhí leacht gallúnaí agus tuáillí páipéir ar fáil i gcóiríocht sláintíochta na leanaí chun tacú le cleachtais níocháin lámh. Chonacthas na leanaí ag ní a lámha ag na hamanna iomchuí i rith an lae - i ndiaidh an leithreas a úsáid, i ndiaidh spraoi salach agus roimh sneaic a ithe. Bhí boscaí bruscair troitheánacha ar fáil chun fáil réidh le dramhaíl ar bhealach sláinteach.
- Bhí sneaiceanna na leanaí a tugadh isteach ó bhaile á stóráil sa chuisneoir.

##### Sábháilteacht Dóiteáin:

- Bhí an bealach amach saor ó bhac agus bhí taifid de na druileanna dóiteáin a rinneadh gach mí ar fáil don chigire.

## Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

### Sábháilteacht Ghinearálta

1. Bhí teocht an uisce ag an mbáisín níocháin sa seomra cúraim agus i gcóiríocht sláintíochta na leanaí os cionn na huasteorann sábháilte 43°C. Bhí an t-uisce reatha sa chóiríocht sláintíochta 44.8°C agus 44.6°C sa seomra cúraim.

## Gníomh arna sheoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

### Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

1. Glacadh bearta ceartaitheacha láithreach chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo. Rinne an fhoireann cothabhála seirbhísí na córais téimh uisce a choigeartú lena chinntiú go bhfuil teocht an uisce laistigh den raon sábháilte molta.

### Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

Níor cuireadh fianaise ar bith isteach.

## Nóta Tráchtacha Achomair

Glacadh le dearbhú an tsoláthraí cláraithe gur tugadh aghaidh ar an neamhchomhlíonadh a sainithníodh le linn na cigireachta.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 25 - Garchabhair

- (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.
- (2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—
  - (a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus
  - (b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

## Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1) Bhí fianaise dhoiciméadach ar fáil a léirigh go raibh oiliúint ar gharchabhair do leanaí curtha i gcrích ag an mball foirne.
- (2)(a) (b) Stóráladh bosca garchabhrach feistithe in áit fheiceálach sa seomra a raibh rochtain éasca air.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán

- (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—
- (a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus
  - (b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.
- (4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.

#### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1)(a) Bhí taifead scríofa ar fáil de na druileanna dóiteáin a rinneadh sa tseirbhís. Rinneadh athbhreithniú ar shampla de na taifid seo a léirigh go ndearnadh na druileanna dóiteáin deireanacha a raibh taifead orthu i mí na Samhna 2024.
- (b) Bhí taifead ar fáil maidir le líon, cineál agus cothabháil an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh sa tseirbhís. Rinneadh seirbhísiú/iniúchadh ar threalamh comhraicthe dóiteáin go deireanach i mí Lúnasa 2023 agus bhí taifead i scríbhinn sa tseirbhís a dhearbhaigh go ndearnadh seirbhísiú agus tástáil ar an gcóras aláraim dóiteáin i mí an Mheithimh 2023.
- (4) Bhí fógra i dtaobh na nósanna imeachta le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint go feiceálach sa seomra spraoi.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 28 - Árachas

*Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.*

#### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

Bhí árachas ag an tseirbhís chun cúram a thabhairt do suas le 22 leanbh ar bhonn seisiúnach agus bhí an t-árachas le dul in éag i mí na Samhna 2023.

# Early Years Inspectorate Regulatory Report

## Pre School

<b>TUSLA Identifier:</b>	TU2016DL002
--------------------------	-------------

<b>Name of Service:</b>	Naíonra Oileán Thoraigh
-------------------------	-------------------------

<b>Address of Service:</b>	Baile Thiar, Oileán Thoraigh, Leitir Ceanainn, Co. Donegal
----------------------------	------------------------------------------------------------

<b>Eircode:</b>	F92 WY64
-----------------	----------

<b>Name of Registered Provider:</b>	Ray Mac Phaidin
-------------------------------------	-----------------

<b>Service type:</b>	Sessional
----------------------	-----------

<b>Date of Inspection:</b>	16/11/2023
----------------------------	------------

<b>No of pre-school children:</b>	AM	2	PM	-
-----------------------------------	----	---	----	---

<b>Address of the Early Years Inspectorate:</b>	Donegal Early Years Inspectorate, St. Conal's Campus, Letterkenny, Co. Donegal. F95 XK94
<b>Inspection undertaken by:</b>	L Mc Glynn
<b>Title:</b>	Early Years Inspector

### Authority to Inspect

The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013).

<b>Conditions if applicable</b>	Not applicable
---------------------------------	----------------

### Description of service

Naíonra Oileán Thoraigh is a sessional preschool service located on Tory, an Island off the northwest coast of Donegal. The service operates from 9.15am to 12.15pm each day and provides care to children aged 2-6 years. The service operates from a designated room within the primary care building.

### Staffing

The service is currently operated singlehandedly therefore there was one staff member present on the day of inspection.

### Methodology

Tusla's Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well-being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was unannounced and focused on the area of governance/ health, welfare and development of child/ safety. The inspection may also focus on other areas as required.

The inspection focused on an examination of compliance under regulations 9, 11, 19, 23, 25, 26 and 28.

Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non-compliance from re-occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

### Acknowledgments

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the person in charge, staff and children who were present on the day of the inspection.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 9 – Management and recruitment

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person’s past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and*

*(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

### Compliance Information

A review of records and confirmation by the person in charge evidenced that there have been no new staff members recruited to the service since the last inspection. The existing staff files are deemed to meet the requirements of regulation (9) (2) and (4) as assessed on previous inspection.

### Part III – Management and Staff

#### Regulation 11 - Staffing levels

- (1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*
- (3) Subject to paragraph (5), a registered provider of a sessional pre-school service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 2 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) therefore at that reference number is satisfied.*
- (8) (a) Without prejudice to paragraphs (2) to (7)— (c) a registered provider of a sessional pre-school service shall ensure that, where the person in charge operates the service single-handedly, a second person familiar with the operation of the service and in a position to provide assistance to the person in charge in operating the service is, at all times, within close distance of the service and available to attend the service to assist the person in charge in the event of an emergency*

#### Compliance Information

- (1) There was an adequate number of adults working with the children on the day of inspection.
- (3) There was one adult caring for two children aged between three and four years attending on a sessional basis.
- (8)(a) The service had made arrangements for a second suitable adult to be available in the case of an emergency.

### Part V - Care of Child in Pre-school Service

#### Regulation 19 - Health, welfare and development of child

*(1) A registered provider shall, in providing a pre-school service, ensure that-*

*(a) each child's learning, development and well-being is facilitated within the daily life of the pre-school service through the provision of the appropriate activities, interaction, materials and equipment, having regard to the age and stage of development of the child, and*

#### Compliance Information

(1)(a) Adequate snack provisions were provided to children attending the service. The snacks for children were provided from home and the service encouraged nutritional options in their healthy eating policy. The children were encouraged to be independent when opening snack items and a helper was designated to distribute individual items. The staff member sat with the children and created a social, relaxed environment for the mealtime. Children were also independent in tending to their own personal care needs and the staff member remained in close proximity to provide assistance if needed.

The staff member interacted with the children in a warm and caring manner throughout the inspection. They were observed asking open ended questions and working to extend children's learning during play activities. The layout of the care room provided free space for children to move around and select play items. The play equipment was laid out to provide a range of interest areas such as a kitchen/home area, construction bench, sand and water play area, creative art area and tabletop/manipulative play resources. Low level open shelving providing ease of access to children and each of the interest areas were well resources to facilitate meaningful play.

Children were brought outside on the day to a small area at the side of the premises. The staff member brought toys and equipment into the area for children to play with while in the area and the inspector was informed that a range of outdoor play equipment such as ride on toys were in storage and brought to the area when weather permitted.

There was evidence in the service of curriculum planning being carried out incorporating the individual interests of children along with observations of children's learning. The staff member was observed taking notes of children's conversations during their play to inform planning. A scrapbook was compiled of children's artwork and images of the children at play in the service. This was to be shared with parents at the end of the year.

## Part VI - Safety

### Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child

*A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.*

#### Compliance Information

##### General Safety:

- The main entrance door was secured to prevent unauthorised entry by a person or the unsupervised exiting of a pre-school child. The perimeter of the premises was enclosed with concrete walls and wooden fencing preventing children from exiting the outdoor area unsupervised.
- All toys and equipment appeared in good condition and there was no evidence of hazards. Cleaning agents and hazardous items were stored safely out of the reach of children.
- Low level windows and glazed panels were fitted with visibility indicators to prevent accidents or incidents with children. Electrical cables and flexes were out of children's reach and in good condition. There was documentary evidence of risk assessments being carried out by the staff member to identify and eliminate any potential hazards for children while attending.
- There was a protective covering on the radiator in the preschool room preventing the risk of a burn injury.

##### Infection Control:

- The pre-school room and adjoining sanitary accommodation presented in a clean and hygienic condition. Up to date cleaning schedules outlining appropriate cleaning methods and the various areas to be cleaned within the room and sanitary accommodation were available.
- Liquid soap and paper towels were available in the children's sanitary accommodation to support hand washing practices. Children were observed washing their hands at appropriate intervals throughout the day including after using outdoor play and before snack. Foot pedal operated bins were available for the hygienic disposal of waste.
- Childrens snacks brought in from home were stored in the refrigerator.

##### Fire Safety:

- The exit route was free from obstruction and records of fire drills carried out each month were available for the inspector to view.

### Non-Compliance Information

#### General Safety:

1. The water temperature at the wash hand basin in both the care room and the children's sanitary accommodation was above the maximum safe limit of 43°C. The running water in the sanitary accommodation measured 44.8°C and in the care room was 44.6°C.

### Action submitted by the Registered Provider

#### Corrective & Preventive Action

1. Immediate corrective measures have been taken to address this issue. The services maintenance team has adjusted the water heating systems to ensure that the water temperature is within the recommended safe range.

#### Supporting documentation submitted

No evidence submitted.

### Summary Comment

The assurance provided by the registered provider has been accepted in addressing the non-compliance identified on inspection.

## Part VI - Safety

### Regulation 25 - First aid

*(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*

*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*

*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*

*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.*

### Compliance Information

(1) Documentary evidence was available to demonstrate that the staff member had completed training in first aid for children.

(2)(a) (b) A stocked first aid box was stored in an easily accessible and conspicuous position in the care room.

### Part VI - Safety

#### Regulation 26 - Fire safety measures

- (1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of-
- (a) any fire drill that takes place in the premises, and
  - (b) the number, type and maintenance record of fire fighting equipment and smoke alarms in the premises.
- (4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.

#### Compliance Information

- (1)(a) A written record of fire drills was documented as having taken place in the service. A sample of these records were reviewed which showed that the last recorded fire drills carried out for the service were dated in November 2023.
- (b) A record was kept of the number, type and maintenance of the firefighting equipment and smoke alarms located in the service. Firefighting equipment was last serviced/inspected in August 2023 and the service had a written record confirming that the fire alarm system was serviced and tested in June 2023.
- (4) A notice of the procedures to be followed in the event of a fire was prominently displayed in the care room.

### Part VI - Safety

#### Regulation 28 - Insurance

*A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.*

#### Compliance Information

The service was insured to care for up to 22 children on a sessional basis with the expiry date in November 2023.